# Próifíl an Dalta

- Bain úsáid as *Treoir don Mhúinteoir: Próifíl an Dalta* leis an doiciméad seo a líonadh
- Líon isteach Cuid A i gcás gach dalta.
- Má tá scóir an dalta faoi bhun mheán an ranga, is féidir Cuid B agus Cuid C a líonadh amach.

**Ainm:** Mary Joyce **Dáta:** 19/8/22

## Cuid A: Scóir

Líon isteach scóir an dalta sna trialacha éagsúla sa chuid seo.

| Triail | Fócas | Scór an dalta | | Scór faoi bhun mheán an ranga? | Má tá an scór faoi bhun mheán an ranga: |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Gaeilge | Béarla | | |
| **1. Focail rialta** | Is focail iad seo a bhfuil patrúin choitianta litrithe acu. Is féidir rialacha fónaice a úsáid lena léamh. | 5 (faoi mheán an ranga) | 5 (faoi mheán an ranga) | ☐ | Líon isteach Cuid B den doiciméad seo. Ansin, líon isteach Cuid C den doiciméad seo. |
| **2. Amharcfhocail** | Is focail ardmhinicíochta iad seo nach gcloíonn leis na rialacha litrithe: bíonn daoine ag brath ar an gcuimhne leis na focail seo a léamh. | 5 (faoi mheán an ranga) | 4 (faoi mheán an ranga) | ☐ | Téigh go lch 14 den Treoir don mhúinteoir maidir le Próifíl an Dalta agus líon isteach Cuid C den doiciméad seo. |
| **3. Bréagfhocail** | Is focail iad seo nach fíorfhocail iad ach atá ag teacht leis na rialacha fónaice. Sa triail seo, déantar measúnú ar an gcumas na rialacha litrithe a chur i bhfeidhm ar fhocal nach bhfuil feicthe ag an bpáiste. | 4 (faoi mheán an ranga) | 6 | ☐ | Téigh go lch 12 den Treoir don mhúinteoir maidir le Próifíl an Dalta agus líon isteach Cuid C den doiciméad seo. |

## Cuid B: Anailís ar earráidí – Triail 1 & Task 1

Líon isteach Cuid B má tá scóir an dalta faoi mheán an ranga i dTriail 1 (Gaeilge) agus in Task 1 (Béarla). Tá tuilleadh treoracha maidir leis an mbealach le hearráidí a aithint ar leathanach 6 - 10 i **Treoir an mhúinteoir: Próifíl an Dalta.**

**Earráidí suntasacha**
Ní fhreagraíonn na litreacha do na fuaimeanna (e.g. an iomarca litreacha, guta in ionad consain)

**Earráidí fóineolaíochta**
(e.g. guta measctha le guta eile, síneadh fada in easnamh, consan ar lár i gcnuasach consan)

**Earráidí ortagrafaíochta**
(e.g. litreacha aisiompaithe, consain dhúbailte gan ghá)

**Earráidí tras-teanga**
Rialacha litrithe an teanga eile in úsáid (e.g. <shin> for *sin*, <rúm> for *room*)

| **Triail 1: focail rialta** | **Níl iarracht déanta** na focail a litriú | **Go leor earráidí suntasacha déanta** | **Earráidí fóineolaíochta go príomha** | **Earráidí ortagrafaíochta go príomha** | **Earráidí trasteanga go príomha** | **Tá meascán earráidí déanta** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gaeilge** | ☐ | ☐ | ✗ | ✗ | ☐ | ☐ |
| **Béarla** | ☐ | ☐ | ✗ | ✗ | ☐ | ☐ |
| **Treoir don mhúinteoir: tacaíocht a chur ar fáil** | | **Tacaíocht: tosaigh ar lch 7 den Treoir** | **Tacaíocht: tosaigh ar lch 12 den Treoir** | **Tacaíocht: tosaigh ar lch 14 den Treoir** | **Tacaíocht: tosaigh ar lch 16 den Treoir** | **Tosaigh ar lch 12 den Treoir** |

# Cuid C: Straitéisí tacaíochta

Is féidir an chuid seo a líonadh bunaithe ar na gníomhaíochtaí molta ar leathanach 12 -17 den doiciméad **Treoir don mhúinteoir maidir le Próifíl an Dalta,** chomh maith leis na hacmhainní eile atá ar fáil sa scoil.

| Sprioc | Slat tomhais | Teanga ábhartha | Gníomhaíochtaí: feasacht fóineolaíochta | Gníomhaíochtaí: scileanna ortagrafaíochta | Gníomhaíochtaí: scileanna trasteanga |
|---|---|---|---|---|---|
| Beidh Mary in ann idirdhealú a dhéanamh idir na gutaí gairide agus na gutaí fada i bhfocail ó bhéal agus i bhfocail a litríonn sí | Beidh 85% de na freagraí a thugann Mary sna gníomhaíochtaí fóineolaíochta cruinn. | Gaeilge | Cluiche an dá thúr: le feasacht a ardú ar na difríochtaí idir na gutaí gairide agus gutaí fada i bhfocail ó bhéal.<br><br>Cluiche biongó le péirí íosdifríochtaí: le feasacht a ardú ar an tionchar a imríonn an síneadh fada ar bhrí an fhocail. | | |
| Beidh Mary in ann na focail ardmhinicíochta a dhéantar gach seachtain sa | Beidh 80% de na focail ardmhinicíochta a litríonn sí cruinn. | Gaeilge agus Béarla | | Cluiche cuimhne: le feasacht a ardú ar na focail ardmhinicíochta a bhfuilimid ag díriú orthu sa rang gach seachtain.<br><br>An madra rua agus an ghé: roghnóidh Mary 3 | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| rang a scríobh go cruinn | | | | fhocal atá deacair di agus imreoidh sí an cluiche seo lena cruinneas litrithe a ardú. | |